Foras na Gaeilge

# Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge
# don bhliain 2021


| Dáta | Leathanach |
|---|---|
| 29 Eanáir | 02 |
| 01 Márta | 08 |

**Miontuairiscí ón 186ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 29 Eanáir 2021 ar líne ar Zoom**

**I láthair:** B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile, N. Ó Gallochobhair, W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, D. Ó Brolcháin, K. Ó hEadhra, L. Ní Riada, L. Rushe, C. Mac Giolla Mhín.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus K. Johnston.

**ROIMH AN gCRUINNIÚ: OSRADHARC AR STRUCHTÚIR AGUS OBAIR FHORAS NA GAEILGE**

Thug an Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais, E. Ní Chorráin, cur i láthair ar mhór-réimsí oibre Fhoras na Gaeilge don chúigear Comhaltaí nuacheaptha: D. Ó Brolcháin, K. Ó hEadhra, L. Ní Riada, L. Rushe agus C. Mac Giolla Mhín.

Fiosraíodh an mbeidh deis ag Comhaltaí cuairt a dhéanamh ar dheontaithe a fhaigheann maoiniú ón bhForas mar chuid de ghnó an Bhoird. Soiléiríodh gur faoin bhfoireann, seachas faoin mBord, atá sé monatóireacht a dhéanamh ar dheontaithe, ach go n-eagraítear Cruinnithe Boird in ionaid éagsúla ó am go chéile.

Ceistíodh an raibh maoiniú faighte ag na Líonraí Gaeilge go fóill agus cuireadh in iúl gur chinn na Líonraí gan an maoiniú a ghlacadh de bharr gur cheap siad go mbeadh siad faoi mhíbhuntáiste ag na coinníollacha scéime a bhí fógartha ag an am don Scéim Pobal Gaeilge.

**01.186 FOCAL ÓN LEAS-CHATHAOIRLEACH AGUS CUR IN AITHNE AG COMHALTAÍ**

Chuir an Leas-Chathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcruinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socruithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála. Cuireadh in iúl go gceapfar Cathaoirleach agus Comhalta eile ar an mBord ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT) ag deireadh mhí an Mhárta.

Gabhadh comhghairdeas leis an gComhalta Boird N. Ní Chiaráin ar bhreith a mic.

Cuireadh fáilte roimh na Comhaltaí nuacheaptha: D. Ó Brolcháin, K. Ó hEadhra, L. Ní Riada, L. Rushe agus C. Mac Giolla Mhín.

Chuir gach duine i láthair an chruinnithe, idir Chomhaltaí Boird agus fhoireann an Fheidhmeannais, iad féin in aithne do na Comhaltaí nuacheaptha.

Cuireadh in iúl gurb ionann trian de bhallraíocht reatha an Bhoird agus córam ag cruinnithe den Bhord, agus go gciallaíonn sin cúigear Comhaltaí faoi láthair.

**02.186 MIONTUAIRISCÍ**

Glacadh le miontuairiscí an Chruinnithe Boird ar an 11 Nollaig 2020.

**03.186 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ**

Thagair an Príomhfheidhmeannach do Shéala an Aistriúcháin agus dhearbhaigh sé gur 47 duine a ghlac páirt sa scrúdú. Chuir sé in iúl go mbeadh an tagairt i dtuairisc na hArdbhainistíochta sna miontuairiscí le ceartú – gur 42 a bhí luaite. Cuireadh in iúl go bhfoilseofaí torthaí an scrúdaithe go luath.

Cuireadh in iúl go reáchtálfaí scrúdú eile creidiúnaithe don Séala i mbliana. Dearbhaíodh go bhfuil thart ar 50 duine ar an liosta feithimh faoi láthair, agus go gcuirfí tús le próiseas tairsceana ina leith nuair a bheidh críoch tagtha leis an mbabhta seo den scrúdú.

**D'fhág D. Mac Cárthaigh an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol choimhlint leasa.**

Tagraíodh don mhaoiniú eisceachtúil a ceadaíodh do Leabhar Breac ag Cruinniú Boird mhí na Nollag 2020, agus dearbhaíodh gur glacadh leis an tairiscint. Tuairiscíodh nach rabhthas ábalta an difríocht idir an maoiniú eisceachtúil agus an maoiniú a gheobhadh Leabhar Breac tríd an Scéim a cheadú as tearc-chaiteachas Chlár na Leabhar Gaeilge mar gur le clár oibre 2020 a bhain an tearc-chaiteachas sin.

**D'fhill D. Mac Cárthaigh ar láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.**

**04.186 BAOL COIMHLINTÍ LEASA**
Níor chláraigh comhalta ar bith baol coimhlint leasa.

**05.186 COVID-19**
Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc maidir le socruithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

i) Tá na hoifigí uilig dúnta nó ar oscailt go teoranta ó bhí Lá Fhéile Pádraig 2020 ann;
ii) Tá trádstóras ÁIS ar oscailt agus ag feidhmiú ar bhonn teoranta;
iii) Tá trealamh curtha amach chuig an bhfoireann chun tacú leo agus iad ag obair ó chian;
iv) Tá ardfheidhmíocht léirithe ag an bhfoireann in ainneoin na socruithe reatha oibre;
v) Scaipfear an ceistneoir bliantúil ar an bhfoireann an tseachtain seo ar Shásamh as Obair;
vi) Tá rochtain ar na hoifigí teoranta do thascanna cothabhála amháin faoi láthair de bharr stádas na dianghlasála sa dá dhlinse;
vii) Tá Foras na Gaeilge ullmhaithe don athoscailt ó thaobh trealaimh de;
viii) Déanfar athbhreithniú ar scéimeanna an Fhoras na Gaeilge i gcomhthéacs COVID-19, agus cuirfear tuairisc ina leith sin faoi bhráid an Bhoird i mí an Mhárta.

Fiosraíodh an bhfuil deiseanna ag an bhfoireann plé leis an bhfoireann ardbhainistíochta tríd a gceardchumainn, agus cuireadh in iúl go bhfuil Coiste Páirtnéireachta ann idir na ceardchumainn SIPTU agus FÓRSA agus an fhoireann bhainistíochta, agus gur féidir le fostaithe plé leis an bhfoireann ardbhainistíochta tríd an bhfóram sin. Tuairiscíodh go bhfuil dea-chaidreamh idir an fhoireann ardbhainistíochta agus na ceardchumainn.

## 06.186 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith.

Tugadh suntas don aitheantas a tugadh do Chomóradh 1500 bliain Cholmcille i dtuairisc ón Roinn Gnóthaí Eachtracha ó dheas maidir leis an gcaidreamh idir Éirinn agus Albain.

Tugadh suntas don athdháileadh iomlán in 2020.

Tagraíodh don chruinniú den Choiste Comhairleach den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, ina raibh an Leas-Phríomhfheidhmeannach i láthair. Fiosraíodh an féidir iarraidh ar an gCoiste tosaíocht a dhéanamh de na scoileanna Gaeltachta ar mhian leo múineadh trí mheán na Gaeilge, seachas a bheith ag díriú airde ar na scoileanna nach mian leo sin.

**D'fhág M. Ni Chonghaile an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.**

Cuireadh moladh faoi bhráid an Bhoird síneadh 6 mhí don tréimhse 01/07/2021– 31/12/2021, ar chostas €443,712, a thabhairt do dheontaithe reatha an SPG. Soiléiríodh go raibh an moladh seo á chur de bharr nach mbeidh deis ann buiséad an chéad bhabhta eile den SPG a fhaomhadh go dtí an Cruinniú Boird ar 23 Aibreán, agus nach mbeidh a dhóthain ama ann dul tríd an próiseas iomlán measúnaithe deontais sula dtiocfadh deireadh leis an scéim reatha.

Glacadh leis an mholadh.

**D'fhill M. Ní Chonghaile ar an gcruinniú ag an bpointe seo.**

Chuir M. Ní Chonghaile in iúl nár aontaigh sí leis an mbreith go raibh baol coimhlint leasa aici sa chás seo. D'fhiosraigh sí an bhféadfadh an Bord athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta tosaíochtaí caiteachais don mhaoiniú breise a raibh súil leis. Soiléiríodh gurb é an treoir reatha ó na Ranna ná buiséid Fhoras na Gaeilge a bhunú ar sholáthar 2020, seachas a bheith ag ullmhú le haghaidh ardú buiséid sula gceadaítear é. Míníodh go mbeadh deis ann na tosaíochtaí caiteachais a phlé nuair a bheadh eolas faighte ar an mbuiséad méadaithe, agus aontaíodh go bpléifear an t-ábhar ag an gcéad Chruinniú Boird eile i mí an Mhárta.

Fiosraíodh an bhfuil tuairisc deiridh tionscadail ann don *Concise English-Irish Dictionary*, agus cuireadh in iúl go mbeidh an tuairisc réidh i Ráithe 2.

Ghlac an Bord le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

## 07.186 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

### 1) Coiste na nDeontas

Thug cathaoirleach an Choiste cuntas ar na moltaí ón gCoiste. Cuireadh in iúl nach raibh cruinniú den Choiste ann de bharr nach raibh ach aon iarratas amháin le plé.

*Leasuithe Buiséid 2020*

Thug an Bord suntas do leasuithe buiséid 2020 le haghaidh Gaeloideachas, an tÁisaonad, agus Cumann na bhFiann.

*Tionscadal Léitheoireachta 2021-2025*

Ceadaíodh an moladh go gcuirfí €40,000 in aghaidh na bliana ar fáil do Chomhar ar mhaithe le tionscadal léitheoireachta a bhainistiú don tréimhse 2021-2025. Soiléiríodh go n-íocfar an deontas seo ó bhuiséid Chlár na Leabhar Gaeilge.

**Glacadh briseadh 15 nóiméad ag an bpointe seo.**

## 08.186 BALLRAÍOCHT CHOISTÍ AN BHOIRD

Cuireadh in iúl gur faoin gCathaoirleach atá sé ballraíocht na gCoistí a shocrú, agus de bharr nach gceapfar Cathaoirleach go dtí deireadh mhí an Mhárta, chuir an Leas-Chathaoirleach cur chuige molta faoi bhráid an Bhoird chun ballraíocht na gCoistí a shocrú ar bhonn eatramhach. Glacadh leis an gcur chuige molta.

Fiosraíodh an féidir réimsí oibre na gCoistí a athbhreithniú nó coistí eile a bhunú agus dearbhaíodh go bhfuil soláthar ann dó sin sna Buan-Orduithe. Moladh go gcuirfeadh an Coiste Forbartha tuairisc faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad Chruinniú Boird eile ina leith seo.

## 09.186 PLEAN CORPARÁIDEACH FHORAS NA GAEILGE 2020-2022

Thug an Príomhfheidhmeannach cur i láthair ar Phlean Corparáideach Fhoras na Gaeilge 2020-2022, ar phróiseas a dhréachta, ar a leagan amach, agus ar na struchtúir reachtúla a bhaineann lena dhréachtú. Bhí plé ar an ábhar.

## 10.186 BUAICPHOINTÍ 2020

Thug an Príomhfheidhmeannach cur i láthair ar bhuacphointí Fhoras na Gaeilge 2020.

## 11.186 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 NOLLAIG 2020

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go 31 Nollaig 2020 i láthair an chruinnithe agus tugadh cur síos ar leagan amach an Ráitis.

Tugadh suntas do na nithe seo a leanas:

i. Tá na fuílligh bhainc ag deireadh na bliana níos airde ná a bhíonn de gnáth, agus gurb é Covid-19 an phríomhchúis leis sin;
ii. Bhí díolachán ÁIS in 2020 níos airde ná 2019, agus go bhfuil sin suntasach sa chomhthéacs gur dúnadh trádstóras ÁIS de réir na chéad dianghlasála i Ráithe 2 2020;
iii. Níor éiligh Foras na Gaeilge c€162,000 ó na Ranna Urraíochta agus sciar dheireadh na bliana á chur isteach in 2020 de bharr impleachtaí a bhain le Covid-19.

Faomhadh an Ráiteas Caiteachais.

## 12.186 COMHFHREAGRAS

Cuireadh in iúl go bhfuarthas comhfhreagras ó Chathaoirleach Chumann Chluain Ard, agus go bhfuil an Feidhmeannas ag plé leis. Dearbhaíodh gurb í an tuairisc chéanna í ó 2018 a bhí i gceist a cuireadh faoi bhráid an Bhoird cheana.

Iarradh an comhfhreagras a roinnt leis an mBord.

Iarradh ar an bhfeidhmeannas breathnú ar chur chuige chun comhfhreagras cuí a roinnt leis an mBord don chéad chruinniú eile.

**13.186 CRUINNITHE BOIRD 2021**

Roinneadh na dátaí le haghaidh Cruinnithe Boird in 2021 leis an mBord mar eolas. Cuireadh in iúl gur ar Zoom a reáchtálfar na cruinnithe go dtí go gcloisfear a mhalairt de threoir.

**14.186 AON GHNÓ EILE**

Iarradh uasdátú ar staid reatha na luachála ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta, agus cuireadh in iúl go bhfuil dréacht-thuairisc faighte. Cuireadh in iúl go bpléifear an luacháil ag an gcéad Chruinniú Boird eile tríd an gCoiste Forbartha.

Pléadh ról Fhoras na Gaeilge mar eagraíocht stáit chun éileamh a dhéanamh le haghaidh seirbhísí gairmiúla trí mheán na Gaeilge, agus an chaoi a n-éascaíonn sé sin an t-éileamh sin ag leibhéal an phobail i gcoitinne. Soiléiríodh go mbíonn an Ghaeilge lárnach i próisis sholáthar Fhoras na Gaeilge. Iarradh ar an fheidhmeannas moltaí ina leith seo a thabhairt chuig an mBord.

__________________________

**Barra Ó Muirí**
**Leas-Chathaoirleach**
**12 Márta 2021**

**<u>Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2021</u>**

| | 29/01/ 2021 | 12/03/ 2021 | 23/04/ 2021 | 11/06/ 2021 | 30/07/ 2021 | 17/09/ 2021 | 29/10/ 2021 | 10/12/ 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Barra Ó Muirí | ✓ | | | | | | | |
| Conor McGuinness | ✓ | | | | | | | |
| Maighréad Ní Chonghaile | ✓ | | | | | | | |
| Máire Ní Neachtain | ✓ | | | | | | | |
| Sorcha Ní Chéide | ✓ | | | | | | | |
| Niall Ó Gallochobhair | ✓ | | | | | | | |
| Daithí Mac Cárthaigh | ✓ | | | | | | | |
| Wuraola Majekodunmi | ✓ | | | | | | | |
| Neasa Ní Chiaráin | ✓ | | | | | | | |
| Liam Rushe | ✓ | | | | | | | |
| Liadh Ní Riada | ✓ | | | | | | | |
| Doiminic Ó Brolcháin | ✓ | | | | | | | |
| Caoimhín Mac Giolla Mhín | ✓ | | | | | | | |
| Kevin Ó hEadhra | ✓ | | | | | | | |

**Miontuairiscí ón gCruinniú Speisialta den Bhord a tionóladh Dé Luain 01 Márta 2021 ar líne ar Zoom**

**I láthair:** B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile, N. Ó Gallochobhair, W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, D. Ó Brolcháin, K. Ó hEadhra, L. Ní Riada, L. Rushe, C. Mac Giolla Mhín.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus K. Johnston.

## 01. FÁILTE AN LEAS-CHATHAOIRLIGH AGUS LEAGAN AMACH AN CHRUINNITHE A MHÍNIÚ

Chuir an Leas-Chathaoirleach fáilte roimh Chomhaltaí Boird chuig an gcruinniú atá á reáchtáil ar Zoom de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socruithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála.

Rinne an Leas-Chathaoirleach cur síos ar leagan amach an chruinnithe. Cuireadh in iúl go bhfuil plé an chruinnithe seo dírithe go príomhá ar an bhféidearthacht go gceadóidh an CATT ardú buiséid bonnlíne d'Fhoras na Gaeilge, agus go mbeidh na Ranna Urraíochta ag iarraidh a fheiceáil go bhfuil plean ag Foras na Gaeilge maidir le conas a chaithfeadh sé an buiséad méadaithe sin.

## 02. PLÉCHÁIPÉISÍ A CHUR I LÁTHAIR

Chuir an Príomhfheidhmeannach na pléch※áipéisí i láthair an chruinnithe.

Cuireadh in iúl gur iarr na Ranna Urraíochta go leasófaí tagairt i ráiteas físe Fhoras na Gaeilge sa Phlean Corparáideach ó 'ar fud na tíre' go 'ar fud an oileáin', sula gcuirfí an cháipéis faoi bhráid an CATT. Ghlac an Bord leis an athrú seo. Iarradh cóip den Phlean Corparáideach leasaithe a chur ar fáil don Bhord.

## 03. BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cláraíodh baol coimhlintí leasa mar seo a leanas:

- B. Ó Muirí, M. Ní Chonghaile agus C. McGuinness i leith an Scéim Pobal Gaeilge;
- W. Majekodunmi i leith Ráidió na Life; agus
- D. Ó Brolcháin agus D. Mac Cárthaigh i leith Chonradh na Gaeilge;

D'iarr M. Ní Chonghaile é a nótáil sna miontuairiscí nár aontaigh sí le polasaí Fhoras na Gaeilge i leith baol coimhlíntí leasa, ach go raibh sí toilteanach cloí leis ina ainneoin sin.

Chuir M. Ní Neachtain agus S. Ní Chéide in iúl go raibh baol coimhlint leasa féideartha acu, dá mbeadh plé ar thacaíocht bhreise do chompántais drámaíochta nó mór-imeachtaí ealaíon, agus dá dtiocfadh sin chun cinn go dtarraingeodh siad siar ón bplé.

## 04. PLÉ I NGRÚPAÍ AR NA PLÉCHÁIPÉISÍ

Scagadh na Comhaltaí i dtrí sheomra plé chun na plécháipéisí a phlé.

## 05. TUIRISCIÚ Ó NA GRÚPAÍ

Thug an Comhalta tuairisceora ar Ghrúpa 1 cuntas ar na nithe a phléigh an grúpa. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

1. Go bhfuil bearna sa soláthar a dhéanann Foras na Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail inimirce ar an oileán, agus go bhféadfaí léirithe spéise a lorg ó na Ceanneagraíochtaí chun tabhairt faoin réimse sin;
2. Go bhfuil tosaíocht le leagan ar an luach ar airgead a fhaigheann Foras na Gaeilge ar a chuid caiteachais ar na Ceanneagraíochtaí, agus gur chóir coinníollacha a leagan ar aon deontaí reatha lena chinntiú go n-úsáidfidís aon mhaoiniú breise a cheadófaí dóibh chun freastal ar an bpobal ar bhonn uile-oileáin, go háirithe i réimse na hóige agus maidir le chur chun cinn na Gaeilge i scoileanna meáin Bhéarla ó thuaidh;
3. Fiosraíodh arbh fhiú fordheontas a chur ar fáil do naíonraí lán-Ghaeilge, a dhéanfadh coinníollacha oibre cúram leanaí trí mheán na Gaeilge ní ba tharraingtí, agus dá réir sin, oibrithe le caighdeán ard Gaeilge a mhealladh;
4. Moladh a bheith cinnte faoi na torthaí má bhí infheistíocht bhreise le déanamh i réimse na margaíochta agus caidrimh phoiblí;
5. Gurbh fhiú foinsí eile maoinithe a fhiosrú i dtaca le foclóirí agus foilseacháin; agus
6. Gur thacaigh an grúpa go sonrach leis an Scéim Pobal Gaeilge mar scéim de chuid Fhoras na Gaeilge, agus gur mheas sé gur chóir tacaíocht chuí a chur ar fáil don scéim.

Thug an Comhalta tuairisceora ar Ghrúpa 2 cuntas ar na nithe a phléigh an grúpa. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

1. Go bhfuil tosaíochtaí deacair a mheas gan pleananna na n-eagras ábhartha ar fáil;
2. Go bhfuil difríocht shuntasach idir na riachtanais tacaíochta atá ag imeachtaí fíorúla agus atá ag imeachtaí fisiciúla, agus gur chóir cur chuige idirdhealaithe a bheith ag Foras na Gaeilge chun tacú leis na riachtanais sin;
3. Nach mbeadh sé oiriúnach maoiniú breise a thabhairt do na Ceanneagraíochtaí mura mbeadh sé soiléir go raibh luach maith ar airgead ar fáil;
4. Gurbh fhiú úsáid níos fearr a bhaint as an teicneolaíocht le feasacht a ardú;
5. Go bhfuil soláthar níos fearr do scoláireachtaí Gaeltachta de dhíth;
6. Go bhfuil tuilleadh áiseanna de dhíth ar an bpobal míchumasach; agus
7. Gur chóir dúbailt chaiteachais i réimsí a sheachaint agus comhoibriú éifeachtach idir eagrais a chothú, go háirithe i réimse na pleanála teanga.

Thug an Comhalta tuairisceora ar Ghrúpa 3 cuntas ar na nithe a phléigh an grúpa. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

1. Go bhfuil na réimsí cearta clúdaithe ag na pléchaipéisí, ach go dteastaíonn breis maoinithe ar réimsí éagsúla thar réimsí eile;
2. Go mbeadh sé tábhachtach go bhfeicfí an leas don phobal i gcaiteachas breise ar bith;
3. Go bhfuil an soláthar buiséid do chlár Cumarsáide agus Margaíochta níos mó ná an soláthar don dá Ionad Gaeilge ó thuaidh, agus go mbeadh ciste níos mó de dhíth don réimse seo;

4. Go bhfuil tuilleadh áiseanna de dhíth ar an bpobal míchumasach; agus
5. Gur thacaigh an grúpa go sonrach leis an Scéim Pobal Gaeilge mar scéim, agus gur mheas sé gur chóir tacaíocht chuí a chur ar fáil de réir mar a leomhfadh an buiséad don scéim.

Ardaíodh ceist sa phlé an mbeadh sé níos fearr an méadú iomlán a chaitheamh ar líon beag réimsí seachas iarracht a dhéanamh raon leathan réimsí a chlúdach.

**06. EOLAS AR AN MBEALACH CHUN TOSAIGH**

Ghabh an Príomhfheidhmeannach a bhuíochas leis na Comhaltaí as ucht a gcuid aiseolais. Chuir sé in iúl go bhfuil an Fheidhmeannas ag iarraidh an t-aiseolas seo a phósadh leis an aiseolas ó Chlárbhainisteoirí Fhoras na Gaeilge agus go gcuirfí moladh faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad Chruinniú Boird eile ar 12 Márta 2021.

**07. SEISIÚN GAN FHEIDHMEANNAS**

Bhí seisiún gan Fheidhmeannas ag an mBord.

________________________

**Barra Ó Muirí**
**Leas-Chathaoirleach**
**12 Márta 2021**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2021**

| | 29/01/2021 | 01/02/2021* | 12/03/2021 | 23/04/2021 | 11/06/2021 | 30/07/2021 | 17/09/2021 | 29/10/2021 | 10/12/2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Barra Ó Muirí | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Conor McGuinness | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Maighréad Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Máire Ní Neachtain | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Sorcha Ní Chéide | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Niall Ó Gallochobhair | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Daithí Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Wuraola Majekodunmi | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Neasa Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Liam Rushe | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Liadh Ní Riada | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Doiminic Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Caoimhín Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Kevin Ó hEadhra | ✓ | ✓ | | | | | | | |

* Cruinniú Speisialta den Bhord